

5.ÉIRE An Pholaitíocht agus an tSochaí i dTuaisceart Éireann | Freagra samplach

Cad ab ea conspóid Ollscoil Chúil Raithin agus cad iad na bealaí ar chuir sí leis an teannas i dTuaisceart Éireann? (2019)

Dúradh gur léirigh an cinneadh ollscoil a bhunú i gCúil Raithin sochaí roinnte Thuaisceart Éireann. Thaispeáin sé go soiléir an t-easaontas agus an drochamhras a bhí ann i dTuaisceart Éireann. Ní hamháin go raibh an tsochaí roinnte idir aontachtaithe agus náisiúnaithe, ach bhí deighilt gheografach ann freisin idir an tOirthear (Protastúnaigh den chuid is mó) agus an tIarthar (Caitlicigh den chuid is mó). Bhí conspóid Ollscoil Chúil Raithin ina conspóid ollmhór i stair Thuaisceart Éireann. Bhí conspóid mhór mar thoradh uirthi agus spreag sí achrann.

Thosaigh conspóid Ollscoil Chúil Raithin nuair a bhí éileamh ar an dara hollscoil i dTuaisceart Éireann. Ba í Ollscoil na Banríona an t-aon ollscoil sa Tuaisceart sna 1960idí. Bhí Coláiste Magee ann freisin, ach ní fhéadfaí céimeanna a chríochnú ansin. Tar éis Acht Oideachais 1947, a thug cead do níos mó de dhaonra Thuaisceart Éireann freastal ar scoil agus tuilleadh staidéir a dhéanamh, tháinig méadú ar líon na scoláirí sna hiar-bhunscoileanna. Chuir sé seo leis an éileamh ar chúrsaí tríú leibhéal. Ansin bhí cinneadh le déanamh ag rialtas O'Neill, Ollscoil na Banríona a leathnú nó an dara hollscoil a bhunú.

Bunaíodh Coiste Lockwood chun an cinneadh seo a dhéanamh. Bhí ochtar ball ag an gcoiste, a rinneadh fiosrú ar réimse an oideachais tríú leibhéal. Bhí Sir John Lockwood mar chathaoirleach ar an gcoiste seo. Ba Shasanaigh ceathrar de na baill, agus ní raibh Caitliceach ar bith ar an gcoiste. Iarradh ar an gcoiste seo *“athbhreithniú a dhéanamh ar na háiseanna don ollscoil agus don ardoideachas teicniúil i dTuaisceart Éireann ... agus moltaí a dhéanamh”* (review the facilities for university and higher technical education in Northern Ireland... and to make recommendations.) Ní raibh a fhios acu go mbeadh na ‘moltaí’ seo an-suntasach i Thuaisceart

Éireann.

Dhiúltaigh an Coiste do leathnú Ollscoil na Banríona beagnach láithreach. Níor thaitin an smaoineamh leis an Ollscoil fiú, mar go raibh suíomh na hOllscoile róbheag agus tearcfhorbartha (tearcfhorbartha = ní raibh sé forbartha mórán), rud a chiallaigh go mbeadh an leathnú i bhfad róchostasach. Mar gheall air seo, chinn Coiste Lockwood ollscoil nua a thógáil. Ba é an chéad chinneadh eile a bhí le déanamh ná suíomh nua a roghnú. Roghnaíodh ceithre shuíomh don ghearrliosta: Ard Mhacha, Craigavon, Doire, agus Cúil Raithin. Cuireadh Ard Mhacha as an áireamh beagnach láithreach toisc go raibh an daonra róbheag, agus go raibh sé suite róghar do Bhéal Feirste. Bhí eagla ar an gcoiste go dtarraingeodh ollscoil in Ard Mhacha ó thionsclaíocht i mBéal Feirste. Cuireadh Craigavon as an áireamh go luath freisin toisc gur chathair réasúnta nua ab ea í, a bhí tearcfhorbartha. Bhraith an coiste go gcuirfeadh sé brú ar an gcathair nua agus go mbeadh sé costasach. D'fhág sé seo Doire agus Cúil Raithin. Chuir an dá áit cásanna i láthair le tacaíocht óna gcomhairlí cathrach féin agus bhí siad ag fanacht le breithiúnas. Bhí siad aineolach ar an gconspóid a leanfadh.

Foilsíodh Tuarascáil Choiste Lockwood i mí Feabhra 1965. Mhol an coiste Cúil Raithin mar shuíomh don dara hollscoil mar chreid siad é *“go sásaíonn na critéir níos fearr ná aon cheann de na réimsí eile a ndearna muid machnamh orthu”*. (*“satisfies the criteria better than any of the other areas we have considered”*.) Chomhlíon Cúil Raithin formhór a gcritéar; d'fhéadfadh sé áiseanna cónaithe agus lóistín oiriúnach a sholáthar, ní bheadh sé ina iomaitheoir do Bhéal Feirste agus a thionscal, mheallfadh sé foireann den chéad scoth, bheadh sé éasca dul ann ó Bhéal Feirste agus ó Aerfort Thuaisceart Éireann, agus bheadh sé oiriúnach chun staidéar a dhéanamh ar bhitheolaíocht mhuirí.

Dhiúltaigh Coiste Lockwood do Dhoire mar, dar leo, bhí an áit róbheag, bhí an struchtúr rialaithe gan mhaith, bhí ganntanas lóistín ann agus thar gach cúis eile, creideadh go mbeadh tionchar ag an teannas seicteach áitiúil ar fhorbairt na hollscoile. Moladh sa tuarascáil freisin go ndúnfaí Coláiste Magee i nDoire, toisc nach mbeadh ann cur amú acmhainní a bheadh ag teastáil ón ollscoil nua. Spreag an cinneadh seo fearg agus ba chúis chonspóide agus agóidí é, a bheadh suntasach i stair Thuaisceart Éireann go ceann blianta.

Bhraith Doire gur ghá troid ar ais i gcoinne “*éagóir sheicteach*” (*sectarian injustice*). Bhunaigh John Hume agus muintir Dhoire an coiste ‘University for Derry’. Thacaigh na hAontachtaithe agus na Náisiúnaithe leis. D’áitigh siad go bhféadfadh Coláiste Magee a bheith mar bhunús d’ollscoil nua, d’fhéadfaí suíomhanna éagsúla eile i nDoire a úsáid nó a scrúdú ar a laghad, agus bhí éilimh stairiúla ag Doire ar “*The Site*”. Bhraith siad freisin go raibh an cinneadh seo claonta agus an-pholaitiúil toisc nach raibh aon Chaitlicigh ar Choiste Lockwood. Tá sé intuigthe go raibh fonn orthu an ollscoil nua a bhunú i nDoire. Ní amháin go mbeadh an ollscoil ina príomhfhoinsé fostaíochta, mheallfadh sé níos mó fostaíochta i bhfoirm tionscail agus seirbhísí sa chathair.

Dúirt Náisiúnaithe agus Aontachtaithe Dhoire gur léirigh an cinneadh i bhfabhar Chúil Raithin faillí i nDoire agus chreid go leor Náisiúnaithe gur iarracht d’aon ghnó a bhí sa chinneadh seo ceantair na nAontachtaithe a thógáil lena gcumhacht a choinneáil. Mar thoradh air sin, chuir coiste ‘University for Derry’ agóid ollmhór ar siúl. Dúnadh gnólachtaí sa chathair don lá agus chuaigh scuaine 2,000 carr go Cnoc an Anfa (Stormont). Meastar gur ghlac thart ar 25,000 duine, beagnach leath dhaonra fásta Dhoire, páirt san agóid. Thuairiscigh an Derry Journal go raibh “atmaisféar saoire” sa chathair “*agus siopaí, scoileanna agus tithe tábhairne dúnta*.” Bhí díospóireacht ar siúl i gCnoc an Anfa chun Tuarascáil Lockwood a phlé. Thacaigh rialtas O’Neill le moltaí Lockwood, seachas dúnadh Choláiste Magee. Bhuaigh an rialtas an díospóireacht, 27 vóta go 19. Ba chosúil gur deireadh na conspóide é seo; níor tháinig deireadh lena thábhacht i gCnoc an Anfa, áfach.

I mBealtaine 1965, dúirt MP Aontachtaithe an Dr Robert Nixon go raibh “*fir gan ainm, gan aghaidh as Doire*” (“*nameless, faceless men from Londonderry*”) imithe go Cnoc an Anfa chun comhairle a thabhairt i gcoinne an dara hollscoil a lonnú i nDoire. Shéan an rialtas é seo, agus dhíbir siad Nixon ó Pháirtí Aontachtach Uladh. Chuir an t-eolas seo uafás ar náisiúnaithe. Mar fhreagra, shínigh 15,000 duine achainí, ag éileamh fiosrúcháin. Thug O’Neill agus an rialtas neamhaird ar an achainí seo. Chuir sé seo le scoilt eile idir náisiúnaithe agus aontachtaithe i dTuaisceart na hÉireann.

Lean aontachtaithe ar aghaidh ag cosaint an chinnidh an ollscoil a lonnú i gCúil Raithin. Dúirt siad nach mbeadh tionchar ag claontacht ar Lockwood agus nach raibh siad ach ag cloí leis na critéir a leagadh amach dóibh. Faoi dheireadh, socraíodh go bhfanfadh Coláiste Magee ag

feidhmiú mar thoradh ar an gconspóid agus go dtógfaí Ollscoil Chúil Raithin. Bhí oscailt na hollscoile ag an am céanna le tús na dtrioblóidí, rud a spreag níos mó conspóide agus a bhí ina chúis le ráta rollaithe íseal sna 1970idí. Dúradh go raibh an chonspóid chomh suntasach sin gur spreag sé Gluaiseacht na gCeart Sibhialta. Thagair John Hume níos déanaí do chonspóid Ollscoil Chúil Raithin mar *“an spréach a thug neamhaird ar ghluaiseacht na gceart sibhialta” (the spark that ignited the civil rights movement)*.

Mar fhocal scoir, bhí conspóid Ollscoil Chúil Raithin suntasach mar go raibh sí ina cúis le conspóid achrann, agóidí, agus athrú sa deireadh. D'éiligh conspóid Ollscoil Chúil Raithin anailísiú, cáineadh agus athbhreithniú ar chinntí ‘polaitiúla’. Chuir sé seo lena tábhacht i stair Thuaisceart Éireann.